# Cló Phárais (1732)

Aodh buiḋe Mac Cruitín. cct.

A Uaisle Éireann āile. a ċrú na ccéimeann ccombāiḋe ,
tréigiḋ bur ttromsuan gan on. Céimiḋ lómluaḋ bur leabar.
Trom an téiḋmse ṫārlaiḋ ḋaoiḃ. ioir ṁnāiḃ agas macaoiṁ ,
Ar séanaḋ seanrāḋ bur sean. Coṁrāḋ solus bur sinnsear.
Níor ḋealb an doṁan uile. Teangaḋ is millse mórṫuile
Do ḃriaṫraiḃ is brioṡsnuiṫe blas. Caint is ciaintilte cruntus.
Ma trāiġtear tiobruid an ḟis. Leabair uama is inis
falaċ bur sgéal ní sgrios gann. Gan fios bur ccéimeann ccoiṁṫrom.
Na dréaċta Druaḋ níor léig braṫ. Ar ġéig dar geineaḋ roṁat.
sgiḋ marḃ ar nuaisle ā nioġ. dār nguaisne níor ḋāil deiriḋ.
Giḋ cian caiṫréim ċlainne cuinn. Séan sleaṡa Oilill Óluim
Gan béim le buaḋ gaċ bile. Tāid le luaḋ sgaċ léirlíne.
fios gaċ fiailbile fosaiġ. Sgaċ triaṫḟine troimṫeaġlaiġ.
fuair clú le caiṫréim go mbuaḋ. ba ḟír a maiṫṁéin mórluaḋ.
Anois ciḋ leun na luiġe. Clanna ríoġa Rúġruiḋe
Mór leabair líonta dā ttreoir. Meabair a bḟíonta sa bḟleaḋoil.
Clanna neill na ngeiṁiol nglas. Don ḟéinn ba sloire seanċas ,
Laoiċ úra ba tréine teisd. ba trom tréiḋe agus tuairisg.
An ċinneaṁuin ċlaoin do raḋ. Asgéala daor ar dearmud ,
Na tréinḟir ba teann attroid. Éire san amso a nanḃroid.
Ní line naċ truaiġ an tlās. Anois go nuaiḋ a neaṁċās
Clann ḃríoġṁar Ḃriain mac Eaċaċ. An eang líonṁar lāinḃreaṫaċ.
Sliocht laoġaire luirc an aiġ. A seanċas cian ar congḃāil ,
Accaṫa, āgcoġṫa ad ċlos. ó sgolta ḟroṁṫa fuarus.
Sliocht Moḋa nuaḋatt na neaċ. ór ċin mórċuan na Muiṁneaċ
Gan cuiṁne orra iar néag. Orċra bus cian gan ċoiméad.
Aitċim sós na gaill ġlana. le bḟriṫ fios gaċ soġluma
Sdo srair réim le runn āiġé. ḋunn agcúm sa ccombāiḋe.
Gan fios uasail seaċ aṫaċ. A Neirinn na maiġ míonsgaṫaċ

Conchobhar O Beaglaoich, *An Focloir Bearla Gaoidheilge* (Páras, 1732).